le AODH O CANAINN

FON FONTA

EINNE a rinne iarratas ar thelefón agus arbh éigean dó fanacht breis is bliain aontódh sé liom go bhfuil an-éileamh ar an ghléas céanna. Déarfaidh sé ó am go chéile go bhfuil an donas ar bhuíon innealtóireachta na Roinne Poist agus Telegrafa, rud nach fíor creidim. Chun a gceart a thabhairt do na hinnealtóirí atá san Roinn is fadhb an-mhór í an t-éileamh bheith ag méadú de shíor ó dheireadh an chogaidh anall. Tá an fhadhb seo ag déanamh buartha don uile thír agus ar bhealach is comhartha é go bhfuil an saol ag dul i bhfeabhas.

Go bunúsach níl dóthan cablaí nó bealaí radio ar fáil le freastal ar an trácht. Tá deacrachtaí treallaimh agus fóirne ann freisin ach gan amhras 'sé an t-easpa ciorcaid an gad is giorra do scórnach seo na cumarsáide. Go dtí scór éigin bliain ó shin bhí iomlán tráchta telefóin na tíre ós cionn talaimhe, ina ghréasán gránna sreanga ó cheann ceann na tíre. I dtosach theastaigh péire sreanga le comhrá amháin a láimhseáil ach nuair a tháinig bláth ar an eolaíocht leictreonach, idir chomhlaí, aimplitheoirí is eile, tugadh an chéad chéim ar fhorbairt nach bhfuil iomlán fós, ná baol air.

Bé an rud a rinneadh dhá chomhrá déag a láimhseáil ar phéire sreanga in ionad comhrá amháin. Is eolas coitcheann é nach dteastaíonn banda miniciochta ró-leathan le cainnt a chur i dtuiscint agus freisin gur féidir le sreang banda leathan miniciochta a iompar. Roinneadh an banda seo ina chodanna de 4 kc/s agus h-aistríodh gach comhrá do dtí ceann éigin de na fó-bhandaí seo. Ar an mbealach seo fuaireadar 12 ciorcad ar phéire sreanga a raibh réim miniciochta 12-60 kc/s ann.

Tar éis an chogaidh tháinig cábla nua chun cinn, an cábla comhaiseach. Níl san chábla seo ach sreang amháin i lár feadáin atá comhlárnach leis, ach tá réim miniciochta an-leahan aige. Dá bhrí sin is féidir níos mó ciorcaid a láimhseáil; suas do dtí 960 de gnáth. Cuirtear an cábla seo síos sa talamh agus bíonn aimplitheoir ann gach sé mhíle den slí. Ní gá cáblaí faoi leith chun leictreachas a sholáthar do na

(Continued on page 183)

FOR YOUR
WELDING EQUIPMENT
CONSULT
INDUSTRIAL GASES (I. F. S.) LTD.
Dublin 55471 & Cork 20392

Raidhse telefon ciorcaid

(Continued from page 179)

haimplitheoirí. Le tamall anuas baintear úsáid as transoistirí sna h-aimplitheoirí rud a fháganns gur lú leictreachais a idítear agus gur faide óna chéile a bhíonn aimplitheoirí.

Mar thoradh ar Radar rinneadh forbairt ar radio árd-mhiniciochta agus cheana féin tá cuid mhór de thrácht na tíre seo á láimhseáil ar radio. An tóir síoraí ar bhanda níos leithne is cúis leis; is féidir 10,000 ciorcaid a fháil ar bhanda árd-mhiniciochta. Nuair a bhéas Túr Oifig an Phoist i Londain tóghta beidh acmhainn 150,000 ciorcaid telefóin ann chomh maith le 40 ciorcaid telefíse. Cheapfá gurb é seo an barrchéim sroiste againn ach cheana féin táthar ag cainnt ar thonnsheoltóir, rud nach bhfuil ann dáiríre ach feadán dhá órlach, lena bhféadfaí 100,000 ciorcaid a rianú. Turgnamh eile a d'fhéadfadh bheith spéisiúil isea an t-ollsholas nó "laser". Más féidir é seo a chur chun leasa na cumarsáide beidh banda iontach leathan ar fáil.

A bhfuil ráite agam go dtí seo baineann sé le cumarsáid intíre. Is deacra agus is éadóchasaigh scéal an Atlantaigh. Gidh gur leagadh cábla telegrafa trasna an Atlantaigh chomh fada siar le 1886 níor leagadh cábla telefóin do dtí 1956. Le blianta roimhe sin bhíothas ag brath ar chóras radio meán-mhiniciochta nár thug ach 16 ciorcaid do Shasana. Fiú amháin inniu agus dhá chábla eile leagtha níl ach cúpla céad ciorcaid ann. Tá ceithre ciorcad ag an tír seo.

Sin é an fáth go bhfuil an oiread sin fáilte roimh cumarsáid saitilíte mar cuirfidh sé ar ár gcumas radio ard-mhiniciochta a úsáid trasna an Atlantaigh. De bharr an banda bheith breá leathan, beidh raidhse ciorcaid ar fáil. Dá mhéid ciorcaid a bhéas ann is amhlaidh is saoire an costas.

Cá fios nach mbeidh tú in ann labhairt le t-Uncailín Joe i mBoston ar scilling nó dhó!

DESIGN E

Excellent opportunity for fully qu
the design of small pneumatic hyd
Apply stating age, technical qualifi
required to:—

Geo. TUCKER E
WALSALL ROAD,